

❖An Lúibín❖

11 Nollaig 2006

Gaeilge ar shladmhargadh

A new survey shows that, by conventional criteria, Irish-medium schools are a match for the most exclusive English-medium colleges.

Scéal suimiúil ag Kim Bielenberg ar an *Irish Independent*: thaispeáin an suirbhé is déanaí a rinneadh ar mheánscoileanna Éireannacha go bhfuil na Gaelscoileanna ag breith bairr ar chuid de na scoileanna is ardnósaí sa tír. De réir an liosta nua, is trí Ghaeilge a oibríonn ceithre scoil as na deich scoil is airde céim. Mar a deir Bielenberg, ní mór an mhuinín atá ag múinteoirí i liostaí den sórt sin mar shlat tomhais, ach is léir go bhfuil gradam ag baint leis an teanga anois, rud a chuirfeadh ionadh agus alltacht ar na seandaoine ach atá ag teacht go binn, mar sin féin, le cuspóirí lucht na hAthbheochana céad bliain ó shin.

Is minic ráite é go bhfuil meánaicmiú na Gaeilge ag dul ar aghaidh go rábach, rud a chuireann díomá ar chuid mhaith Gaelgeoirí. I ndáiríre, tá an teanga á húsáid ag daoine de gach aicme, ach is fíor freisin go bhfuil Éire níos saibhre anois agus go bhfuil an Ghaeilge dulta i bhfostú i saol an tsó dá réir.

Seo na figiúirí ó dheisceart (saibhir) Bhaile Átha Cliath: sa bhliain 2005 chuaigh na buachaillí ardranga go léir de chuid Choláiste Eoin ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus chuaigh 85% díobh sin chun ollscoile; chuaigh 95% de na cailíní ó Choláiste Íosagáin ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus chuaigh 87% díobh sin chun ollscoile. Scoileanna iad nach bhfuil táillí acu – rud a d'fhéadfadh geit a bhaint as coláistí áirithe atá an-daor agus nach féidir leo a mhaíomh anois gurb ionann airgead agus scothscolaíocht.

Tá Gaelscoileanna le fáil nó á n-oscailt go flúirseach anois ar fud na tíre, agus is é an scéal céanna acu uile é – tuismitheoirí ag baint an dorais dá chéile ag iarraidh a gclann a chlárú ann. Tá Gaelscolaíocht le fáil ag daoine ó na heastáit tithíochta chomh maith le cách, rud a thugann léargas eile ar thaobh sóisialta na teanga. Tá an oiread sin ratha ar an obair gur ghá ceist neamhchoitianta a tharraingt anuas – conas Béarla a mhúineadh le héifeacht i scoileanna lánGhaeilge. Tá staidéar déanta air seo ag an gComhairle Náisiúnta Churaclaim agus Mheasúnachta. Deir a dtuarascáil nach mór breis taighde a dhéanamh ar cé chomh luath is ba chóir Béarla a thabhairt isteach mar ábhar sna bunscoileanna, agus nár cheart rialacha diana a leagan síos maidir leis an teanga ba thúisce a gcuirfí daltaí á léamh – b'fhearr sainchúrsaí na háite a chur san áireamh i ngach cás.



Peil na Gaeilge

A Belfast football team is trying to broaden the definition of 'Gaeltacht,' with implications that go beyond the game.

Táthar ag iarraidh foireann ó 'Gaeltacht' Bhéal Feirste a chlárú do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Is é Forbairt Feirste, eagraíocht fhaobhrach Ghaeilge, atá i gceann an ghnó seo, agus beidh dea-thoradh amháin ar a laghad air – Gaeilge a thabhairt ar ais sa Chomórtas, ós eol don

saol gur beag focal den teanga sin atá le cloisteáil ó na foirne eile. Le blianta beag anuas ba cheart Comórtas Peile na hAth-Ghaeltachta a thabhairt air, cé nach bhfuil aon fhianaise ann gur chuir sin isteach ar chaighdeán na himeartha.

Níl an margadh déanta fós, áfach: tá na cainteanna tosaithe agus fonn ar dhream na cathrach a gcuid buachaillí a chur amach ar bhlár an chomhraic an bhliain seo chugainn. Fuarthas diúltú cheana ón gcoiste, ach is dócha nach mbeidh doicheall roimh iarratas eile ach iad a bheith 'dáiríre faoin teanga' - coinníoll nach mbaineann, más fíor, le foirne na FíorGhaeltachta.

Dea-chomhartha é seo ar shlí eile, áfach: tá an t-am ag teacht, mura bhfuil sé tagtha cheana, nach fiú idirdhealú a dhéanamh idir cainteoirí dúchais na tuaithe agus Gaeilgeoirí na cathrach. Ní bheidh iontu ach aon Ghaeltacht amháin, agus an chuid is mó di ar na sráideanna, más fíor do na figiúirí. Ní rud teoranta í feasta ach aigne fhorleathan, rud a fhágann go bhféadfadh foireann ón Astráil nó ó Cheanada dul isteach sa chomórtas - ach costas an turais a bheith acu.



Albáinis na hIodáile

Albanian has been spoken in the centre and south of Italy since the 13th century, a language of soldiers, farmers and intellectuals. Now it is ebbing.

Tá an Iodáil breac le teangacha mionlaigh nach teangacha Rómánsacha iad. Ina measc tá Cróitis, Gréigis agus teanga a dtugann lucht a labhartha *arbëresh*, *arbërisht*, *aljbrisht* nó *arbresh* uirthi - an Albáinis. Ní san Iodáil amháin atá mionphobail Albáiniseoirí le fáil, ach sa Ghréig agus san Úcráin chomh maith.

Teanga ársa Ind-Eorpach is ea an Albáinis agus í sách difriúil leis na teangacha atá ina timpeall, cé gur tháinig neart focal isteach inti ó Laidin, ó Thuircis, ó Ghréigis agus ó theangacha Slavacha. Teanga infhillte í a ghéilleann d'uimhir agus do chineál, agus a bhfuil an-éagsúlacht ag baint le gasanna a cuid briathra. San Albáin féin tá an teanga roinnte idir *Geg* an tuaiscirt agus *Tosk* an deiscirt, agus is í an Toscais atá á labhairt san Iodáil. Rinneadh údaráis na hAlbáine an chéad chaighdeánú ar an teanga sa bhliain 1909 agus rian tréan na Geigise uirthi; chlaon an chéad chaighdeánú eile chun na Toscaise; agus tá Albáinis na hIodáile scartha amach ó leagan caighdeánaithe ar bith.

Dream ar leith iad na hAlbánaigh, agus clú na saighdiúireachta orthu riamh. Moslamaigh is ea a bhformhor, le roinnt Caitliceach sa tuaisceart agus roinnt Ceartchreidmheach sa deisceart; bhí an dream deireanach úd líonmhar go leor san Iodáil féin, cé go ndearnadh iarracht iad a iompú.

Ní mór an t-achar atá idir an Iodáil agus an Albáin, rud a chuidíonn go mór na laethanta seo le smuigléirí daoine ón Albáin ar mian leo a lasta daonna a fhágáil ar thránna thoir na hIodáile. Teifigh iad ar shlí amháin nó ar shlí eile, agus is iomaí bean bhocht anoir atá le fáil i mbun na ceirde is sine ar shráideanna a tíre nua.

Tháinig na chéad Albánaigh chun na hIodáile sa 13ú haois agus tháinig an chuid dheireanach díobh i lár an 17ú haois. Tháinig an chuid is mó díobh sa dara leath den 15ú haois, tar éis threascairt Chonstantanópail sa bhliain 1453 agus bhás an cheannaire Skanderbeg (Aodh Rua na hAlbáine, a chosain a thír ar na Turcaigh) sa bhliain 1468.

Inniu tá an chuid is mó acu le fáil i naoi gcinn is dhá fhichid de shráidbhailte agus de bhailte móra faoi na sléibhte in Abruzzi, i Molise, i bPuglia, i gCampania, i mBasilicata, i gCosenza, i gCalabria agus sa tSicil, agus síltear go bhfuil an teanga ag timpeall 80,000 duine. Deirtear (ní nach ionadh) go bhfuil mórán den aos óg á tréigean san Iodáil. Ní hí teanga na sinsear a chuirfeadh chun cinn sa saol iad.

Saighdiúirí agus scológa ba ea na hAlbánaigh a bhain an Iodáil amach: bhí féinrialtas acu, agus cead acu cur fúthu i sráidbhailte tréigthe. Faoin 16ú haois bhí a gcultúr ag bláthú ann, a bhuíochas sin ar na húdair shuntasacha a bhí ag scríobh sa teanga agus ar aistriúcháin de na clasaicigh. Sa 19ú haois, áfach, a tháinig an bláthú is mó: bhí cúrsaí léinn á spreagadh ag sárscóileanna Gréigis-Albáinise i gCalabria agus sa tSicil, agus sa dara leath den aois tháinig nuachtáin agus irisí amach. Bhí a rian sin ar chúrsaí polaitíochta, agus baint mhór ag intleachtaigh Albánacha leis an *Risorgimento*.

D'fhéadfá a rá, mar sin féin, gurbh é teacht na hIodáile aontaithe ba mhó a rinne dochar don teanga. Cuireadh an Iodáilis i bhfeidhm mar theanga náisiúnta agus ba í an teanga sin a bhí á múineadh sna scoileanna. Ní bheadh san Albáinis feasta ach mionteanga, ach ní raibh an spionnadh imithe aisti ar fad, go fiú sna caogaidí. Bunaíodh *Associazione Italiana per i Rapporti Culturali Italo-Albanesi* ansin, agus cumainn eile ina dhiaidh sin, in éineacht le roinnt irisí. B'ín an bláthú deireanach. Má chuirtear gach rud san áireamh, beidh an Albáinis ag meath feasta ar shléibhte na hIodáile; ach d'fhéadfá cinniúint eile a ghuí ar a son.



An Alsáis dhátheangach

Alsace, a French province on the border with Germany, has a long history of bilingualism. But surprisingly few children receive a bilingual education.

Is fada an Alsáis ina cnámh idir dhá chú – an Fhrainc agus an Ghearmáin. Í ag ceann acu seal agus ag an gceann eile seal eile, agus a rian sin ar a cuid teangacha. Faoi láthair tá an Fhraincis thuas sna scoileanna agus i gcúrsaí riaracháin, ach níl an Ghearmáinis imithe; agus tá an Alsáis ann, canúint Ghearmánach atá (nó a bhíodh) ina teanga dhúchais ag mórán.

Is deacair a rá cá mhéad tacaíocht a bheadh le fáil don oideachas datheangach san Alsáis, ach b'fhiú le cúig chéad duine léirsiú a dhéanamh i mí na Samhna i Strasburg ar a shon. Is é an dream a chuir ar siúl é *Alsace bilingue*, eagraíocht a bhfuil tríocha grúpa ag baint léi agus iad ag iarraidh dlús a chur le beartas nua.

Bhí fonn ar na léirsitheoirí a rian a fhágáil ar na caibidlí atá ar siúl idir an Rectorat (atá ag stiúradh cúrsaí oideachais) agus na rialtais áitiúla. Rinne siad siúd comhaontú i dtaobh mhúineadh na dteangacha san Alsáis ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2013. Cuireadh in iúl nach bhfaigheann ach 7% de dhaltaí oideachas dátheangach faoi láthair.



Briotáinis: litir oscailte

An open letter has been addressed by language activists to the French educational authorities regarding the unwillingness of the State to support Breton in the schools.

Níor tháinig aon lagú fós ar mhisneach na ngníomhaithe Briotáinise, d'ainneoin dhoicheadall buan an Stáit. Buille eile sa troid is ea an litir oscailte a cuireadh le déanaí chun na n-údarás oideachais. Is fada scoileanna *Diwan* (atá cosúil ar a lán slite leis na Gaelscoileanna) ag iarraidh tacaíocht cheart a fháil ó na húdarás chéanna, ach ní go réidh a thagann sí.

De réir mar a deir an litir, d'fhógair UNESCO féin go bhfuil an Bhriotáinis i mbaol báis, agus nach gan chúis é: sa bhliain 2001 ní raibh ach 270,000 cainteoir Briotáinise sa Bhriotáin as pobal ceithre mhilliún duine. Tá na seanchainteoirí ag dul i gcré agus níl clann a gclainne ag foghlaim na teanga. Deir na staitisticí go gcailltear Briotáiniseoir gach uair an chloig.

Faoi láthair tá 11,090 dalta sna ranganna dátheangacha Briotáinis-Fraincis, an líon is mó riamh (ní raibh ach 6,552 acu ann sa bhliain 2000), ach gach bliain tá céatadán níos lú acu á gclárú ann i

gcomórtas leis an mbliain roimhe sin. Sa bhliain 2004 vótáil Comhairle Réigiúnach na Briotáine d'aonghuth ar son plean a chuirfeadh 20,000 dalta á múineadh sna ranganna sin faoin mbliain 2010. Deirtear go bhfuil 80% den phobal ag tacú le caomhnú na teanga, agus mórán údarás áitiúil san áireamh.

Ach tá doicheall an Stáit soiléir fós. Níl cead á thabhairt ranganna dátheangacha a chur ar bun, níl múinteoirí dátheangacha go leor á n-earcú le haghaidh na scoileanna, tá eolas á cheilt ar na tuismitheoirí, níl post buan á thabhairt do mhúinteoirí sealadacha. Tá tacaíocht stáit don scolaíocht dhátheangach á héileamh ag polaiteoirí áitiúla de gach taobh, agus tá mórán áiteanna a bhfuil na scoileanna ar díth go mór orthu. *Cela doit changer. Cela va changer.* Ach idir an dá linn tá na hAíré agus na státseirbhísigh sásta leanúint orthu ag déanamh faillí i lucht tacaíochta na teanga.

D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le fiche bliain anuas, ní cuid den ghnáthshaol fós é an dátheangachas Briotáinis-Fraincis ná baol air, go háirithe sna scoileanna. Tá fíormhíthuiscint fós ann agus mórán bacanna, go háirithe na cinn a dhéanann na húdaráis féin.

Tá suíomh eolais ann don té a bhfuil Fraincis aige: www.ouiaubreton.com.

Tá doicheall freisin roimh an mBriotáinis ar an raidió. Níl le cloisteáil ar stáisiúin FM na Briotáine ach an chuid is lú den teanga – níos lú ná 2%. Bhí Kaouenn FM chun seirbhís Briotáinise a sholáthar in Tregor-Goëlo thiar, ach theip orthu minicíocht a fháil ón bhforas rialacháin, an *Conseil supérieur de l'audiovisuel* (CSA). Deir 42% den phobal áitiúil gur féidir leo Briotáinis a thuiscint, agus mhéadódh seirbhís Kaouenn FM an méid craolacháin sa teanga sin ó 0.05% go dtí 6.0%. Ar éigin a bheadh an Fhraincis i mbaol.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message to:
ColinG.Ryan@ato.gov.au